AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán 0012/2016

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS AN FHOIREANN MÚINTEOIREACHTA I MBUNSCOILEANNA

Tráth Scaoilte do Phríomhoidí i mBunscoileanna

1. Réamhrá

Is é cuspóir an chiorcláin seo an líon laethanta gur féidir le príomhoidí atá ag teagasc a thógáil mar thráth scaoilte i scoilbhliain ag tosú sa scoilbhliain 2016/17.

Tagann an ciorclán seo in ionad Chiorcláin 25/02 i ndáil leis an líon laethanta gur féidir le príomhoidí atá ag teagasc a thógáil mar thráth scaoilte i scoilbhliain. Ach, tá feidhm fós ag téarmaí Chiorcláin 14/01 "Tráth Scaoilte do Phríomhoidí i mBunscoileanna" (seachas Alt 2.1).

2. Tráth Scaoilte do Phríomhoidí Bunscoile atá ag Teagasc

Méid na Scoile *	**Líon laethanta scaoilte**
Príomhoide + 5 / 6	25
Príomhoide + 3 / 4	20
Príomhoide + 0 / 1 / 2	15

* Faoi théarmaí an chiorcláin seo, tagraíonn méid na scoile do phríomhoidí atá ag teagasc, poist ranga phríomhshrutha, lena n-áirítear poist scoile i mbéal forbartha agus poist achomhairc i ranganna príomhshrutha agus ní áirítear ann poist lasmuigh den chuóta e.g. GAM/EAL, Acmhainn, HCSL, etc.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An Rannóg Leithdháiltí Múinteora

Márta 2016